

Cuairteanna Scoile SCG agus OCG, 2021-2022

- Beidh na cuairteanna Scoile OCG agus SCG (gnéithe praiticiúla den SCG agus gnéithe praiticiúla d’OCG) ar siúl le linn na tréimhse 16 Eanáir – 17 Feabhra.
- Beidh na gnéithe praiticiúla ar siúl i scoileanna agus gheobhaidh tú cuairt amháin má thugann tú faoin SCG agus dhá chuairt má thugann tú faoi OCG.
- Má rinne tú iarratas chun tabhairt faoi ghnéithe praiticiúla don SCG nó OCG agus má tá sonraí scoile curtha ar fáil agat, tá Oifig SCG-OCG agus feitheoirí cuairte ag obair ar an mbonn go bhfuil cead agat ó phríomhoide na scoile tabhairt faoi chuairt faoi mhaoirseacht sa scoil.
- Nuair a athosclaíonn scoileanna i mí Eanáir rachaidh do mhaoirseoir i dteagmháil leat ar an teileafón, chun dáta agus am do chuairte a chur in iúl. Déanfaidh an maoirseoir teagmháil le do scoil freisin faoi seo.
- Má tá tú ag tabhairt faoin ngné phraiticiúil den SCG nó d’OCG, tá sé thar a bheith tábhachtach go gcuirfear do scoil ar an eolas faoi dháta agus faoi am do chuairte scoile a luaithe a chuirtear in iúl duit iad.
- I ngnáthchúinsí, gheobhaidh tú fógra 3 seachtaine faoi do chuairt, mar sin bheadh na cuairteanna is luaithe ar siúl ón Luan 31 Eanáir ar aghaidh.
- Déanfar sonraí faoi riachtanais na cuairte scoile a nuashonrú agus a chur ar fáil ag www.ilrweb.ie sna laethanta amach romhainn. Iarrtar ort na doiciméad do 2022 a úsáid.

Tá riachtanais na cuairte scoile SCG leagtha amach i dtéacs siollabais an chúrsa *Cóir Ghaoithe*:

Páipéar 1: Gné Phraiticiúil: Múineadh na Gaeilge (féach *Cóir Ghaoithe* lch. 91 - 112)

Páipéar 2: Gné Phraiticiúil: Tionscadal Teanga agus Cultúir (féach *Cóir Ghaoithe* lch. 219 - 264)

Léigh na leathanaigh sin go cúramach le do thoil má thugann tú faoi Eilimintí Praiticiúla SCG.

Tá riachtanais chuairteanna scoile OCG leagtha amach i dtéacs siollabais an chúrsa *Sruth na Maoile*:

Cuairt 1: Gné Phraiticiúil: Múineadh na Gaeilge - Ceacht 1 (féach *Sruth na Maoile* lch. 379- 395)

Cuairt 2: Gné Phraiticiúil: Múineadh na Gaeilge - Ceacht 2 (féach *Sruth na Maoile* lch. 379- 395)

Léigh na leathanaigh sin go cúramach, le do thoil, má thugann tú faoi Eilimintí Praiticiúla OCG.

Cuireadh cóip leictreonach de *Cóir Ghaoithe* (SCG) nó *Sruth na Maoile* ar fáil duit nuair a chuir tú d'fhoirm iarratais ar aghaidh trí ríomhphost chuig applications.scgocg@protonmail.com

Is féidir cruachóip de cheachtar leabhar a ordú tríd an gcnaipe EASY PAYMENTS cnaipe atá ar: www.ilrweb.ie

SCG: Ceisteanna a chuirtear go minic:

C. Táim ag tabhairt faoin SCG ach níl mé in ann scoil a dhaingniú chun tabhairt faoi na gnéithe praiticiúla. Céard ba chóir dom a dhéanamh?

F. Má rinne tú iarracht ach mura raibh tú in ann scoil a dhaingniú chun tabhairt faoi na gnéithe praiticiúla, seol ríomhphost chuig scg@mie.ie

C. Cad iad na heilimintí a bheidh ag teastáil i ngach comhad:

F. Tá na heilimintí a bheidh ag teastáil do gach comhad leagtha amach in *Cóir Ghaoithe* (féach *Cóir Ghaoithe* lch. 91 – 112 agus lch. 219-264). Tá sé tábhachtach go bhfuil gach comhad críochnaithe agus iomlán mar go mbronnfar grád teipe /neamhiomlán ar an gcomhad má bhíonn eilimintí ar iarraidh.

Ní mór gach comhad a bheith ar fáil don mhaoirseoir ag tús na cuairte.

Eilimint den Ghné Phraiticiúil de Mhúineadh na Gaeilge	Gné den Tionscadal
Clúdach	Cur i láthair
Scéim Bhliana	Bileoga Eolais an Mhúinteora
Scéim Sheachtaine	Póstaeir
Ceacht Scríofa	Rianleabhar an Pháiste
	Léarscáil den Rian

C. Cad iad na socrúithe praiticiúla a bheidh ag teastáil.

F. Beifear ag súil go gcomhlíonfar na treoirlínte is déanaí ón Roinn Oideachais/FSS go hiomlán. Beidh cathaoir ag teastáil ón maoirseoir i limistéar dea-aeráilte arb é an t-achar molta do ‘pods’ ranga ó dhaoine eile. Ba cheart na comhaid don ghné phraiticiúla a fhágáil ar an gcathaoir roimh an gcuairt chun teagmháil gan ghá a sheachaint.

C. Táim ag tabhairt faoin SCG agus níl sonraí na scoile curtha ar aghaidh agam.

F. Seol an fhoirm sonraí scoile (ar fáil ag www.ilrweb.ie) ar aghaidh chomh luath agus is féidir leat chun applications.scgocg@protonmail.ie

Déanfaidh Oifig an SCG OCG gach iarracht cabhrú leat do chuairt a chomhlánú.

OCG: Ceisteanna a chuirtear go minic:

C. Cad iad na heilimintí a bheidh ag teastáil i ngach comhad:

F. Tá na heilimintí a bheidh ag teastáil do gach comhad leagtha amach in *Sruth na Maoile* (féach *Sruth na Maoile* lch. 379- 395). Tá sé tábhachtach go bhfuil gach comhad críochnaithe agus iomlán mar go mbronnfar grád teipe /neamhiomlán ar an gcomhad má bhíonn eilimintí ar iarraidh.

Ní mór gach comhad a bheith ar fáil don mhaoirseoir ag tús na cuairte.

Múineadh na Gaeilge (Cuairt 1)	Múineadh na Gaeilge (Cuairt 2)
Clúdach	Clúdach
Ráiteas Cleachtais/Ráitis Chleachtais	Ráiteas Cleachtais/Ráitis Chleachtais
Scéim Bhliana	Scéim Bhliana
Scéim Sheachtaine	Scéim Sheachtaine
Ceacht Scríofa	Ceacht Scríofa

C. Cad iad na socrúithe praiticiúla a bheidh ag teastáil.

F. Beifear ag súil go gcomhlíonfar na treoirlínte is déanaí ón Roinn Oideachais/FSS go hiomlán. Beidh cathaoir ag teastáil ón maoirseoir i limistéar dea-aeráilte arb é an t-achar molta do ‘pods’ ranga ó dhaoine eile. Ba cheart na comhaid don ghné phraiticiúla a fhágáil ar an gcathaoir roimh an gcuairt chun teagmháil gan ghá a sheachaint.

C. Cad é an t-íosmhéid ama idir cuairteanna OCG.

F. Ní mór cuairteanna OCG a bheith 1 sheachtain ar a laghad óna chéile. Dá bhrí sin, ní féidir an dá chuairt OCG a dhéanamh an tseachtain chéanna.

C. An gcaithfidh mé scéim sheachtaine a chur ar fáil sa chomhad don dara cuairt?

F. Caithfidh tú scéim sheachtaine a chur ar fáil sa chomhad don dara cuairt .

C. An féidir liom an scéim sheachtaine chéanna a úsáid sa chomhad don dara cuairt.

F. Ní féidir. Ós rud é go mbeidh an dara cuairt ar siúl i seachtain eile beidh scéim sheachtaine nua ag teastáil.